



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Eagarthóir Taighde

Post ar conradh – suas le 18 mí ó dheireadh Feabhra 2018

Tá eagarthóir taighde ar conradh á earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmaolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), dúchas.ie agus gaois.ie. Beidh an t-eagarthóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmaolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Baineann na tionscadail uile leis na daonnachtaí digiteacha. Beidh dualgais ar an Eagarthóir Taighde i dtaca le tionscadail éagsúla agus beidh freagrachtaí comhordaithe tionscadal i gceist freisin. Beidh an té a cheapfar freagrach as réimsí den obair a fhorbairt agus a stiúradh i gcomhar le baill foirne eile mar aon le caighdeán na n-aschur a dheimhniú. Éilíonn an obair seo saintaithí taighde, eagrúchán pearsanta, breithiúnas grinn agus scileanna maithe idirphearsanta. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Riachtanais:

- Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil céim PhD acu i réimse acadúil cuí. I gcásanna áirithe glacfar lena hiontamhail, is é sin le rá, saintaithí inchomparáide i réimse an taighde acadúil má léirítear go bhfuil foilseacháin acadúla ag an iarrthóir mar aon le céim mháistreacht agus taithí ghairmiúil roinnt blianta ar obair thaighde ardleibhéil. Is gá bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge.
- Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar obair thaighde a phleanáil go céimnitheach, an obair a chomhordú as a stuaim féin agus na torthaí a léiriú agus a mheas.
- Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar.
- Ba bhuntáiste é oiliúint nó taithí a bheith ag iarrthóirí in aon réimse díobh seo: an téarmaolaíocht nó an dlí.

Tuarastal ar an scála:*

€38,750–€39,860–€41,003

* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé: An Dr Gearóid Ó Cleircín (01 700 5789); gearoid.ocleircin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: 17.00 Dé hAoine, an 19 Eanáir.

Táthar ag súil go reáchtálfar agallaimh ag deireadh mhí Eanáir/forthús mhí Feabhra.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: hr.applications@dcu.ie

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.